RTÉ Raidió na Gaeltachta

Tá RTÉ Raidió na Gaeltachta ag ceiliúradh an leathchéid i mbliana agus tá sé mar aidhm againn forbairt a dhéanamh ar an méid cláracha agus sraitheanna ón earnáil neamhspléach a chraoltar ar an stáisiún. Le roinnt blianta tá níos mó oibre déanta ag an stáisiún le léiritheoirí neamhspleácha, craoltóirí agus eagrais maoinithe eile chun níos mó ábhar ó seánraí éagsúla a chraoladh agus a chur ar fáil don lucht éisteachta.

Tá muid ag lorg ábhar fuaime a bheadh feiliúnach le craoladh i rith sceideal an tsamhraidh (Meitheamh, Iúil, Lúnasa), i rith na bliana ar laethanta saoire bainc agus i rith na Nollag. Fáilteofar roimh iarratais ó gach seánra, cláir aon uaire nó sraitheanna.

Scéalta agus scéalaíocht phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ar ardchaighdeán a theastaíonn, a mhúsclóidh suim agus a bheidh tarraingteach don lucht éisteachta, a chuirfidh daoine ag smaoineamh, ag caint, ag gáire nó ag caoineadh.

D'fhéadfaí sraitheanna agus cláracha a mholadh a mbeadh baint acu le drámaíocht, sláinte, stair, oidhreacht agus cultúr, cúrsaí siamsaíochta, ábhar do leanaí, cúrsaí liteartha, cláracha faisnéise nó réimsí eile spéise an lucht éisteachta. Is fiú a thabhairt san áireamh na deiseanna atá ann an t-ábhar a bhrú chun cinn ar na meáin shóisialta, ar an idirlíon, ar ardáin éagsúla agus mar phodchraoltaí.

Tá sé tábhachtach go dtiocfadh na smaointe leis na treoirlínte atá leagtha amach ag Ciste Craoltóireachta na Gaeilge agus moltar do léiritheoirí an méid atá sna treoirlínte a chur san áireamh agus iad ag oibriú ar na smaointe sin a fhorbairt do chláracha agus sraitheanna.

Fad na gClár: (Clár aon uaire nó sraitheanna idir 4 go dtí 12 clár)

a. 27 nóiméad
b. 45 go dtí 55 nóiméad (fad ag brath ar an gclár & ábhar)

Am Craolta:

Idir 13.30 - 14.00, 16.15 - 17.00, 17.10 - 18.00 Luan go hAoine. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí athchraoladh ar na cláir ag an deireadh seachtaine.

Maoiniú:

Is gné thábhachtach é comhaoiniú do na sraitheanna seo. Tá buiséad ar leith againn agus oibríonn muid go dlúth agus go cruthaitheach le páirtithe agus craoltóirí eile ar an oileán le gur féidir linn cláracha ar an gcaighdeán is airde a bhaint amach taobh istigh den chiste maoinithe atá ar fáil. Cuirimid fáilte i gcónaí roimh smaointe ar féidir iad a chomhléiriú le craoltóirí eile.

De bharr go bhfuil babhta sonrach Gaeilge á reáchtáil ag Údarás Craolacháin na hÉireann i mí Iúil agus de bharr go bhfuil babhtaí maoinithe débhliantúla ag an Chiste Craoltóireachta na Gaeilge, cuirimid fáilte mhór roimh smaointe uailmhianacha agus samhlaíocha do

shraitheanna a bhaineann amach na tosaíochtaí eagarthóireachta atá luaite thuas chomh maith leis na critéir a ghabhann leis na cistí seo.

Cuir do smaoineamh inár láthair agus má mheasaimid gur smaoineamh é a oibreoidh dúinne agus do chomhpháirtithe eile, tabharfaimid cúnamh duit é a fhorbairt agus oibreoidh muid lenár gcomhpháirtithe chun iarracht a dhéanamh é a thabhairt chun críche.

Iarraimid ar léiritheoirí smaointe a chur ar aghaidh ar dtús ar an gcóras ríomh-choimisiúnaithe faoin 12.00 Dé Luain an 25ú Iúil. Tá eolas agus foirmeacha le fáil ag an nasc seo: Independent Radio Programming (rte.ie) nó déan teagmháil le macdong@rte.ie

Nótaí tábhachtacha:

- Ní hionann togra a phlé, ná spéis a léiriú ann, agus gealltanas go ndéanfaidh RTÉ coimisiúnú air agus níor chóir an tuiscint sin a bhaint as.
- Beidh cinntí coimisiúnaithe ina léiriú ar chaighdeán na dtograí a fuarthas agus ar na tosaíochtaí sceidealaithe a bheidh ann ag an am. Beidh staid airgeadais RTÉ ina chúinse chomh maith.
- Iarrtar ort le do thoil imlíne de chostas na sraithe nó an clár a sholáthair le do iarratas.
- Ba chóir cur síos soiléir ar phleananna airgeadais a bheith ag gabháil le tograí, ina dtugtar gach páirtí maoinithe chomh maith le haon suimeanna atá geallta le fios.

RTÉ Raidió na Gaeltachta

RTÉ Raidió na Gaeltachta is celebrating its fiftieth anniversary this year and we aim to develop the number of independent sector programmes and series broadcast on the station. For a number of years the station has worked with independent producers, broadcasters and other funding bodies more to make more varied content and genres available to its listenership.

We are looking for audio content that would be suitable for broadcast during the summer schedule (June, July, August), year round, on bank holidays and during Christmas. Applications are welcome from all genres, one - off programmes or series.

High quality stories and storytelling of the Irish language and Gaeltacht community is required that will arouse an interest and appeal to the audience and that will make people think, talk, laugh or cry.

Series and programmes could be suggested covering areas such as drama, health, history, heritage and culture, entertainment, children's content, literary, documentaries or other areas of audience interest. The opportunities to promote content on social media, the internet, various platforms and as podcasts are worth considering.

It is important that the ideas follow the guidelines set out by the Irish Language Broadcast Fund and producers are encouraged to take the contents of the guidelines into account when working on developing their ideas for programmes and series.

Length of Programmes: (One-off programme or series between 4 to 12 programmes)

a. 27 minutes

b. 45 to 55 minutes (duration depending on programme & subject)

Broadcast Time:

Between 13.30 - 14.00, 16.15 - 17.00, 17.10 - 18.00 Monday to Friday. The programmes may be repeated at the weekend.

Funding:

Co-financing is an important element. We have a specific budget and we work closely and creatively with other parties and broadcasters on the island so that we can deliver the highest quality programming within the available funding. We always welcome ideas that can be co-produced with other broadcasters.

Given that the Broadcasting Authority of Ireland is running a specific Irish language round in July and that the Irish Language Broadcast Fund has twice yearly funding rounds, we very much welcome ambitious and imaginative ideas for series that meet the stated editorial priorities as outlined above as well as the criteria for these funds.

Present your idea to us and if we think it's an idea that will work for us and your other partners we will help you develop it and work with our partners to try to make it a reality.

We ask producers to submit ideas first on the e-commissioning system by 12.00 on Monday 25th July. Information and forms are available at this link: Independent Radio Programming (rte.ie)contact macdong@rte.ie.

Important notes:

- Discussing a project or expressing an interest does not equate to a commitment from RTÉ that they will commission.
- Commissioning commitments will be based on the standard of projects received and on the schedule priorities that will exist at the time. It will also be conditional on RTÉ's financial circumstances.
- You are asked to provide, along with your application, an outline of the costs associated with the series or programme.
- A clear description of the financial plan should accompany applications indicating all funding parties as well as any amounts committed.